

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021



Coimisiún um Rialáil Iarnróid
Teach an Teampaill
Bóthar an Teampaill
An Charraig Dhubh
A94 Y5W5
Contae Bhaile Atha Cliath
Éire

www.crr.ie
+353 1 206 8110
info@crr.ie



Clár

- 2** Tuairisc an Choimisinéara
- 6** Struchtúr agus Ról na hEagraíochta
- 11** Straitéis an Choimisiúin um Rialú Iarnróid
- 14** Tuairisc an Phríomhchigire
Údarú le Cur i mbun Seirbhíse agus Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht
- 23** Tuairisc an Phríomhchigire
Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú
- 35** Tuairisc an Cheannaire Rialachais Chorparáidigh
- 40** Tuairisc an Phríomhchigire
Rialáil Iarnróid
- 43** Forbairtí sa Chreat Reachtaíochta Náisiúnta agus Eorpach
- 46** Tuairisc Chuimsitheach an Choimisinéara don Aire
- 49** Aguisíní

TUAIRISC AN CHOIMISINÉARA



Chuig an Aire Eamon Ryan,
Aire Iompair

A Aire,

Tá áthas ar an gCoimisiún um Rialú Iarnróid (CRI) a thuarascáil bhliantúil don bhliain 2021 a chur isteach.

Bhíothas ag ceapadh go mbeadh an bhliain 2021 ina bliain dhúshlánach mar go raibh srianta COVID i bhfeidhm i gcónaí agus bhí easpa cinnteachta ann maidir le conas a dhéanfaí an srianadh seo a fhorbairt tuilleadh. Mar a tharla in 2020 caithfidh mé arís, i gcomhthéacs na tuarascála bliantúla seo 2021, aitheantas a thabhairt do ghairmiúlacht agus do thiomantas leanúnach fhoireann an Choimisiúin a chinntigh go bhféadfaimis leanúint lenár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, agus an fhaisnéis sláinte poiblí agus srianta an Rialtais, a cuireadh i bhfeidhm chun scaipeadh an víris a rialú, á gcomhlíonadh go hiomlán ag an am céanna. Bhí gá le hathrú suntasach ar an timpeallacht oibre, agus ar an mbealach ina ndearnadh ár gcuid oibre cheana féin agus ar féidir í a dhéanamh amach anseo. Gabhaim buíochas le gach ball d'fhoireann CRI agus admhaím a dtiomantas leanúnach, agus a n-obair chrua i rith na bliana.

Bhí clár oibre iomlán pleanáilte ag CRI lena chinntiú gur chlúdaigh sé raon feidhme iomlán a fhreagrachta mar a shonraítear sa roinne sa tuarascáil seo i dtaca le Ról an Choimisiúin. Sa phleanáil do 2021 chuireamar san áireamh an méid a foghlaimíodh ó dhúshlán 2020.

Chomhlíon CRI a phríomhchúraimí go léir sna réimsí seo a leanas: measúnú comhréireachta, údarú le cur i mbun seirbhíse, ceadúnas tiománaithe traenach, maoirseacht agus forfheidhmiú. Tá na príomhchúraimí seo dírithe ar oibriú sábháilte leanúnach na ngréasán iarnróid agus trambhealaigh a chinntiú sa Stát. Chomhlíonamar ár bhfeidhmeanna rialála freisin lena n-áirítear gnóthas a cheadúnú, monatóireacht a dhéanamh ar Chonradh Ilbhliantúil na mBainisteoirí Bonneagair leis an Aire, athbhreithniú ar Ráiteas Líonra Iarnród Éireann agus chuireamar tús le rannpháirtíocht níos mionsonraithe ar tháillí rochtana rianta.

Maidir leis na córais iarnróid náisiúnta, d'eisigh CRI 18 litir glactha faoina fheidhm údarú le cur i mbun seirbhíse a bhain le fochórais, bonneagar, comharthaíocht agus rothra a chur i seirbhís. Áiríodh orthu seo feidhmchláir chéim an choincheapa do DART+ Thiar agus DART+ Thiar Theas, chomh maith le hoibríocht seirbhíse céim 6 don Chóras Tacaíochta maidir le Cinntí ag crosairí comhréidhe a oibríonn úsáideoirí.

Ceanglaítear ar gach tiománaí traenach faoi reachtaíocht an AE ceadúnas bailí a bheith acu chun traen a oibriú ar an líonra. Eisíonn CRI ceadúnais tiománaithe traenach agus in 2021, eisíodh 35 ceadúnas nua.

Tá córas maoirseachta éifeachtach agus éifeachtúil lárnach chun oibriú sábháilte na n-earnálacha iarnróid troma agus éadroma a áirithiú. Chuige seo tá cothromaíocht gníomhaíochtaí forbartha againn bunaithe ar iniúchtaí, cigireacht, gníomhaíocht tar éis eachtraí agus cruinnithe feidhmíochta sábháilteachta. Tá siad seo dírithe ar na heintitis go léir a rialaimid, agus tá dáileadh na ngníomhaíochtaí bunaithe ar riosca. Cuireann ár gcur chuige iomlán béim ar thacaíocht, comhairle, spreagadh agus nuair is gá, forfheidhmiú.

Tionscnaíodh dhá iniúchadh in 2021. Thug ceann amháin acu seo aghaidh ar oiliúint agus inniúlacht tiománaithe traenach Iarnród Éireann – Gnóthas Iarnróid (IÉ-RU) agus thug an ceann eile aghaidh ar bhainistíocht Iarnród Éireann – Bainisteoir Bonneagair (IÉ-IM) ar struchtúir agus inniúlacht foirne san innealtóireacht shibhialta.

Ina theannta sin, cuireadh tús le 119 cigireacht eile. Aithníodh aon mhór-neamhchomhlíonadh amháin, rud is díol suntais, agus aithníodh 16 mion-neamhchomhlíonadh. Bhí 65 cás ann inar theastaigh ón CRI beart ón aonán rialáilte i réimsí ina bhféadfadh neamhchomhlíonadh teacht chun cinn mura ndéanfaí gníomh feabhais, nó mura ndéanfaí feabhsuithe. I gcás inar ceanglaíodh ar na heintitis rialáilte bearta ceartaitheacha a dhéanamh, déanfaidh CRI monatóireacht ar iad seo a dhúnadh ar bhonn leanúnach.

Fuair CRI seacht dtuarascáil imscrúdaithe ón Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (RAIU) in 2021. Bhí 36 moladh san iomlán sna tuarascálacha sin. Go tipiciúil, díritear moltaí sábháilteachta a dhéanann an RAIU ar an eagraíocht (na heagraíochtaí) iarnróid lena mbaineann ach díritear iad chuig CRI mar an t-údarás atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.

Sa bhliain 2021, fuair CRI 47 uiríoll a bhain le raon bonneagair iarnróid throm agus éadroim agus cúrsaí oibriúcháin ar tugadh aird orthu go léir. Mar sin féin, ba iarrataí a bhromhór, 31, ar fhaisnéis ó chomhlachtaí/gníomhaireachtaí rialála eile agus a bhain le hábhar a bhformhór seachas gearáin faoi sheirbhísí nó imní sábháilteachta.

Cuireadh na tuarascálacha sábháilteachta bliantúla riachtanacha ó na heagraíochtaí iarnróid a chlúdaíonn 2020 faoi bhráid CRI in 2021. Tá Tuarascáil Feidhmíochta Sábháilteachta CRI don bhliain 2020 bunaithe ar na haighneachtaí sin agus foilsíodh í agus tá sí ar fáil anois ar ár suíomh gréasáin. Soláthraítear na sonraí a bhaineann le sábháilteacht atá ar fáil faoi láthair do 2021 sa tuarascáil bhliantúil seo. Cé go gcuirfeadh leis seo ag na sonraí sábháilteachta iomlána do 2021 sa dara leath de 2022 bhí feidhmíocht sábháilteachta foriomlán earnáil iarnróid throm na hÉireann dearfach ar an iomlán in 2021, i gcomparáid le blianta roimhe sin agus staitisticí Eorpacha.

Thug CRI mar Chomhlacht Rialála faoina chéad athbhreithniú mionsonraithe ar Ráiteas Líonra IÉ-IM chun a chinntiú go gcomhlíonann an ráiteas na ceanglais atá leagtha síos in IR 249 Rialacháin AE (Rialáil Iarnróid) 2015. Cé go bhfuil CRI sásta go bhfuil IÉ-IM tar éis na rialacháin ábhartha a bhreithniú agus a Ráiteas Líonra 2021 don tráthchlár oibre 2022 á thiomsú agus á fhoilsiú, leanfar le hanailís níos mionsonraithe in 2022.

Ba í 2021 an dara bliain de Chonradh Ilbhliantúil an Bhainisteora Bonneagair (IMMAC) 2020 – 2024 nua agus chomhlíon CRI a dhualgais go léir de réir cheanglais an chonartha nua. Mar an Comhlacht Neamhspleách Monatóireachta don IMMAC idir IÉ-IM agus an tAire Iompair Thuairiscigh CRI ar bhonn ráithiúil ar na táscairí feidhmíochta laistigh den chonradh.

Comhaontaíodh comhaontuithe nua um mhaoirseacht agus seachadadh feidhmíochta 2021 – 2024, i gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtas um Rialachas Gníomhaireachtaí Stáit, idir CRI agus an Roinn Iompair (DoT).

Ba é an maoiniú iomlán d'fheidhmeanna CRI in 2021 ná €2.465m. Faigheann CRI an chuid is mó dá mhaoiniú tríd an tobhach bliantúil a chuireann sé ar na heintitis atá faoi réir rialacháin (€1.619m) leis an iarmhéid a fuarthas mar Dheontas i gCabhair ón Roinn Iompair (€0.728m). Leithdháiltear an tobhach bunaithe ar an leibhéal gníomhaíochta a chaithfidh CRI a dhéanamh le gach aonán rialáilte chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Is féidir táillí breise a ghearradh freisin ar chuid dár ngníomhaíochtaí reachtúla amhail aitheantas DeBo agus ceadúnú tiománaithe traenach.

Thug an Coimisiún faoi fhorbairt a séú Ráiteas Straitéise a foilsíodh in 2021. Cabhróidh an straitéis leis an bhforbairt ar ár gcláir oibre bhliantúla thar na trí bliana amach romhainn, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na geallsealbhóirí a ghlac an t-am le dul i mbun caidrimh leis linn le linn a forbartha.

Chun tuiscint agus feasacht a áirithiú ar fhorbairt leanúnach an chreata dhlíthiúil agus theicniúil a rialaíonn oibriú an Ghréasáin Eorpaigh Iarnróid, bhí CRI ina rannpháirtithe gníomhacha i níos mó ná 50 cruinniú faoi chathaoirleacht an Choimisiúin Eorpaigh, DG-MOVE agus na Gníomhaireachta Eorpaí Iarnróid (ERA).

Leanann CRI ag cinntiú go gcomhlíonann sé ceanglas an Chóid Chleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá an Tuarisc Chuimsitheach chuig an Aire, a éilíonn an Cód Cleachtais, san áireamh i Roinn 9 den tuarascáil seo.

Tá sé ceadaithe 17 mball foirne a bheith ag CRI agus ag deireadh 2021 b'ionann an líon foirne a bhí againn agus 16.

Tá, agus beidh, timpeallacht oibríochta reatha CRI dúshlánach agus beidh athrú suntasach i gceist leis. Cé go bhfuil tionchar na paindéime COVID-19 agus na héiginnteachta agus na srianta a bhaineann leis ag maolú, agus tionchar na mbeart sláinte poiblí lena n-áirítear vacsaíniú ag teacht chun solais, le tabhairt isteach an cheathrú pacáiste iarnróid agus an feabhsú suntasach atá beartaithe don phobal, go háirithe i réimsí na n-iarnród trom agus éadrom, tá forbairtí suntasacha ann don iompar poiblí.

Leanfaimid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin seo go léir agus ag cinntiú go leanann CRI, mar an tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta agus an Rialálaí Iarnróid, ag obair leis an earnáil agus le geallsealbhóirí, chun iompar iarnróid sábháilte agus inbhuanaithe a chinntiú a fhreastalaíonn ar riachtanais ár sochaí.

Brian Higgis

Coimisinéir

STRUCHTÚR AGUS RÓL NA HEAGRAÍOCHTA



Foireann bainistíochta agus struchtúr na heagraíochta



Brian Higginson
Coimisinéir



Mary Molloy
Príomhchigire
Údarú le Cur i
mbun Seirbhíse
agus Measúnacht ar
Chomhfhoirmeacht



Anthony Byrne
Príomhchigire
Maoirseacht ar
Chomhlíonadh agus
Forfheidhmiú



Caitríona Keenahan
Ceannaire Rialachais
Chorparáidigh agus Rialála

Cigire

Cigire

Cigire

Cigire

Cigire

Cigire

Cigire

Cigire

Cigire

Cigire

Cigire

Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Oifigeach Feidhmiúcháin

Ról an Choimisiún um Rialú Iarnróid

Bunaíodh an Coimisiún um Rialú Iarnróid an 1ú Eanáir 2006 faoi fhorálacha an Achta um Shábháilteacht Iarnróid (RSA) 2005. Ó bunaíodh é, tugadh raon feidhmeanna dó bunaithe ar reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach araon.

Faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 tá trí phríomhfheidhm ag CRI: (a) sábháilteacht iarnróid a chothú agus a spreagadh; (b) an tAcht agus aon reachtaíocht eile a bhaineann le sábháilteacht iarnróid a fhorfheidhmiú; agus (c) tionóiscí iarnróid a imscrúdú agus a thuairisciú. Baineann na feidhmeanna sin le hiarnród trom agus éadrom araon.

Baineann na freagrachtaí atá ar CRI faoin reachtaíocht le trí réimse shonracha, iarnród trom, iarnród éadrom agus cábla-bhealaí. Tagraíonn iarnród trom don líonra Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann agus do na Gnóthais Iarnróid a oibrítear air. Déantar iarnród trom a rialáil trí Acht 2005 agus reachtaíocht an AE araon. Tagraíonn iarnród éadrom do Chóras Iarnróid Éatrom Átha Cliath (LUAS) agus déantar é a rialáil le hAcht 2005, agus déantar cábla-bhealaí a rialáil trí reachtaíocht thrasuite an AE.

Iarnród trom agus éadrom

Coimisiún

Leis an Acht um Shábháilteacht Iarnróid Uimh 31 de 2005 (arna leasú), bunaíodh an Coimisiún um Shábháilteacht Iarnróid (CRI anois). Tugadh trí phríomhfheidhm, mar a léirítear thuas, do CRI, leis an Acht, a bhaineann le hiarnród trom, iarnród éadrom agus mearchórais iarnróid cathrach agus na cumhachtaí chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear maoirseacht agus forfheidhmiú a úsáid.

I dtaca le forfheidhmiú an Achta maidir le hiarnród trom, ba chóir a thabhairt faoi deara go gcumhdaítear eisiúint deimhnithe sábháilteachta agus údarú le suiteálacha seasta agus feithiclí a chur i mbun seirbhíse le reachtaíocht Eorpach anois (féach thíos). Maidir le hiarnród éadrom, déanann CRI measúnú ar na córais bhainistíochta sábháilteachta agus eisiúint deimhnithe sábháilteachta a éilítear chun oibriú faoi Acht 2005. Lena chois sin, tugtar faoi mheasúnú ar oibreacha nua agus rothstoc agus glacadh le hoibreacha nua agus rothstoc faoi Acht 2005 freisin.

Iarnród trom

Údarás Náisiúnta Sábháilteachta (NSA)

Le Rialachán IR 476 AE (Sábháilteacht Iarnróid) 2020, tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/798 ón gComhairle (Treoir Sábháilteachta Iarnróid) agus bunaítear CRI faoi sin mar an údarás náisiúnta sábháilteachta sa Stát. Is amhlaidh sin chun comhlíonadh na Treorach agus na Rialachán sin a chinntiú, lena n-áirítear deimhniú bainistíochta sábháilteachta agus údarú, cothabháil feithiclí, maoirseacht agus forfheidhmiúchán.

Le Rialachán IR 477 AE (Idir-Inoibritheacht an Chórais Iarnróid) 2020, tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/797 ón gComhairle (Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht) agus bunaítear CRI faoi sin mar an údarás náisiúnta sábháilteachta is inniúil don chóras iarnróid sa Stát chun críocha na Treorach agus na Rialachán sin lena n-áirítear cur i ngníomh ceart na Sonraíochta Teicniúla maidir le hIdir-Inoibritheacht (TSI), ag cur comhábhar idir-inoibritheachta agus fochórais sho-ghluaiste ar an margadh, údarú suiteálacha seasta a chur i mbun seirbhíse, cothabháil an chláir náisiúnta feithiclí agus forfheidhmiúchán.

Comhlacht deimhniúcháin d'Aonáin atá i gCeannas ar Chothabháil (ECM)

Le IR 476 2020, tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/798 ón gComhairle (Treoir Sábháilteachta Iarnróid) agus bunaítear CRI faoi sin mar an comhlacht deimhniúcháin ECM. Déantar deimhniú ar aon dul le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2019/779 ón gCoimisiún lena leagtar síos forálacha mionsonraithe ar chóras deimhnithe ECManna.

Comhlacht Rialála

Le Rialacháin IR 249 AE (Rialáil Iarnróid) 2015 (arna leasú le IR 398 2020), tugtar éifeacht do Threoir AE 2012/34 ón gComhairle arna leasú le AE 2016/2370 maidir le limistéar Eorpach Iarnróid aonair agus bunaíodh CRI mar an comhlacht rialála chun críocho achomharc nó gearán a bhaineann le hacmhainn an bhonneagair, muirir rochtana, an ráiteas líonra agus monatóireacht ar iomaíocht.

Comhlacht monatóireachta neamhspleách

Le IR 249 2015 (arna leasú le IR 398 2020), tugtar éifeacht do Threoir AE 2012/34 ón gComhairle arna leasú le AE 2016/2370 agus bunaíodh CRI mar an Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhaontú conarthach idir BB-IÉ agus an Aire mar an údarás inniúil, lena n-áirítear monatóireacht ar fheidhmíocht an Bhainisteora Bonneagair, eadránú a dhéanamh i gcás díospóide, an córas monatóireachta ar fheidhmíocht a cheadú, agus tuairisciú chuig an Aire ar a mhonatóireacht ar fheidhmíocht.

Údarás ceadúnacháin

Le IR 249 2015 (arna leasú le IR 398 2020), tugtar éifeacht do Threoir AE 2012/34 ón gComhairle arna leasú le AE 2016/2370 agus bunaíodh CRI mar an údarás ceadúnúcháin chun iarratais ar cheadúnais a mheasúnú agus ceadúnais a eisiúint chuig gnóthais Iarnróid.

Údarás inniúil

Le Rialacháin IR 399 AE (Deimhniú Tiománaithe Traenach) 2010 tugtar éifeacht do Threoir 2007/59/CE ón gComhairle maidir le deimhniú tiománaithe traenach a oibríonn gluaisteoirí agus traenacha ar an gcóras Iarnróid sa Chomhphobal agus bunaíodh CRI mar an údarás inniúil chun iarratais ar cheadúnais a mheasúnú agus ceadúnais a eisiúint do thiománaithe traenach, agus ionaid oiliúna agus scrúdaithe a aithint.

Le Rialacháin IR 651 CE (Iompar Earraí Contúirteacha d'Iarnróid) 2010 (arna leasú) tugtar éifeacht do Threoir 2008/68/CE ón gComhairle (arna leasú) maidir le hearraí contúirteacha a iompar ar bhonn intíre agus bunaíodh CRI mar an údarás inniúil chun comhlíonadh na Rialachán a bhaineann le hiompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnróid (RID) a chinntiú.

Comhlacht aitheantais

Le IR 477 2020 tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/797 ón gComhairle (Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht) agus bunaíodh CRI faoi sin ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 mar an eagraíocht atá freagrach as DeBonna a aithint sa Stát.

Cábala-bhealaí

Comhlacht údarúcháin

Le Rialachán IR 543 AE (Suiteálacha Cábala-Bhealaigh) 2020 tugtar éifeacht do Rialachán (AE) 2016/424 maidir le suiteálacha cábala-bhealaigh agus bunaíodh CRI mar an comhlacht sa Stát chun tógáil nó modhnú agus dul i mbun seirbhíse suiteálacha cábala-bhealaigh a údarú.

Údarás faireacháin ar an margadh

Le IR 543 de 2020 tugtar éifeacht do Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus bunaíodh CRI mar an údarás faireacháin ar an margadh le haghaidh fochóras agus comhábhar cábala-bhealaigh.

Aonáin iarnróid faoi réir rialála


Bhí na haonáin seo a leanas faoi réir a rialála ag CRI in 2021:

- Iarnród Éireann – Bainisteoir Bonneagair (IÉ-IM)
- Iarnród Éireann – Gnóthas Iarnróid (IÉ-RU)
- Transdev (Oibreoir LUAS) – Eagraíocht Iarnróid
- Rhomberg Sersa Ireland Limited (RSI)– Gnóthas Iarnróid
- Northern Ireland Railways (NIR) Translink– Gnóthas Iarnróid
- Bonneagar Iompair Éireann (TII) – Eagraíocht Iarnróid
- Bord na Mona (BNM)
- Railway Preservation Society of Ireland (RPSI) – Gnóthas Iarnróid
- Iarnróid Oidhreachta.

Líon na bpaisinéirí

Lean srianta COVID-19 le tionchar a bheith acu ar iompar poiblí le linn 2021. Thuairiscigh Iarnród Éireann 17.41 milliún turas paisinéara, agus thuairiscigh Transdev 19.5 milliún turas paisinéara i rith na bliana.

STRAITÉIS AN CHOIMISIÚIN UM RIALÚ IARNRÓID



D'fhorbair an Coimisiún um Rialú Iarnróid a séú Ráiteas Straitéise (2021 – 2024) faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 in 2021. Forbraíodh é i gcomhairle le geallsealbhóirí agus baill foirne.

Agus an Straitéis seo á forbairt, d'aithin an Coimisiún go leanann rialáil na hearnála iarnróid de bheith ag forbairt ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Ullmhaíodh an Straitéis seo i gcomhthéacs cúlra atá dúshlánach i gcomhthéacs na bpríomhfhorbairtí reachtaíochta agus beartais. Áirítear leis seo, ach níl sé teoranta dó, an phaindéim COVID reatha, cur chun feidhme an 4ú Pacáiste Iarnróid Eorpach, agus Plean Forbartha Náisiúnta an Rialtais 2018 – 2027.

Sa chreat ama don Straitéis seo, beidh dul chun cinn gníomhach á dhéanamh ar ghníomhaíochtaí chun cinntí beartais a dhéanann an Rialtas a bhrú chun cinn, amhail na cinn a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus le hastuithe carbóin laghdaithe. Tá forbairt an chórais iompair d'iarnród, ag aithint an ról tábhachtach atá aige i gcáilíocht na beatha, i ngníomhaíocht eacnamaíoch, agus sa chomhshaol, dúshlánach, ach is léir go bhfuil tábhacht leis.

Tuigeann CRI sábháilteacht iarnróid a chur chun cinn, córais iarnróid ardfheidhmíochta agus inbhuanaithe a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh agus rochtain chothrom ar ghnáthghréasán iarnróid na hÉireann a chinntiú trí rialáil, monatóireacht, spreagadh agus cur chun cinn.

Straitéis 2021 – 2024

Misean

Tá CRI tiomanta do shábháilteacht iarnróid a chur chun cinn, trí rialáil éifeachtach, agus trí fheabhsú leanúnach ar bhainistiú sábháilteachta eagraíochtaí iarnróid a chothú agus a spreagadh. Molann sé rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ar fad i bhforbairt bhreise ar earnáil iarnróid na hÉireann ionas gur modh sábháilte agus éifeachtach iompair é a théann chun sochair ár sochaí.

Fís

Iarnróid atá sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthraíonn iompar éifeachtach agus áisiúil don tsochaí.

Luachanna

– Ionracas

Tá misneach morálta againn, táimid macánta agus freagrach inár gcur chuige

– Meas

Tá meas againn ar a chéile agus ar ár bpáirtithe leasmhara

– Neamhspleáchas

Tá ár gcinnteoireacht trédhearcach agus saor ó chlaontacht agus tionchar

– Barr Feabhais

Táimid dúthrechtach, proifisiúnta agus déanaimid ár ndícheall feabhsú leanúnach a bhaint amach.

Tosaíochtaí straitéiseacha

Tosaíocht: sábháilteacht iarnróid

Feabhsú leanúnach ar fheidhmíocht sábháilteachta eagraíochtaí iarnróid a rialáil agus a chur chun cinn.

Tosaíocht: rialáil iarnróid

Rialáil éifeachtach agus faireachán éifeachtach ar an mBainisteoir Bonneagair i ndáil lena chistiú agus caitechas ar bhainistíocht sócmhainní agus rochtain ar an ngréasán.

Tosaíocht: tacaíocht don rialtas

Tacú le tionscnaimh bheartais iompair phoiblí an rialtais atá dírithe ar riachtanais na sochaí trína chinntiú go gcuirtear chun feidhme iad go sábháilte trí rialáil éifeachtach agus éifeachtúil.

Tosaíocht: cumarsáid le páirtithe leasmhara

Feasacht agus tuiscint a chur chun cinn ar rioscaí reatha agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ar fhorbairtí sa reachtaíocht agus sa treoir náisiúnta agus Eorpach iarnróid.

Tosaíocht: ár n-eagraíocht

A bheith mar eagraíocht ardfheidhmíochta a sheachadann cáilíocht agus luach sa mhéid a dhéanaimid.

TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE ÚDARÚ LE CUR I MBUN SEIRBHÍSE AGUS MEASÚNACHT AR CHOMH- FHOIRMEACHT



Údarú le Cur i mbun Seirbhíse (APIS)

Tá an ceanglas go bhfeidhmeoidh CRI Údarú le Cur i mBun Seirbhíse ar chórais iarnróid bunaithe ar reachtaíocht de chuid an AE agus ar Reachtaíocht Náisiúnta. Is iad seo príomhcheanglais dlíthiúil an AE, an Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht (EU) 2016/797, an Treoir Sábháilteachta Iarnróid (AE) 2016/798, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 ón gCoimisiún lena mbunaítear socruithe praiticiúla maidir le feithiclí a údarú agus an comh-mhodh sábháilteachta don mheastóireacht agus don mheasúnacht ar rioscaí AE/402/2013. Rialaítear ceanglais náisiúnta leis an Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 arna leasú. Is infheidhme ceanglais náisiúnta agus an AE maidir leis an gcóras iarnróid trom ach ní infheidhme ach ceanglais náisiúnta maidir le córas iarnróid éadroim LUAS.

Réamhriachtanas i gcomhair APIS is ea na ceanglais bhunriachtanacha a chomhlíonadh faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (AE) 2016/797. Is é seo a leanas atá mar bhonn agus mar thaca le ceanglais CRI: I.S. EN 50126 – feidhmeanna iarnróid – sonrú agus léiriú na hiontaofachta, na hinfhaighteachta, na cothabháltachta agus na sábháilteachta. Bainistítear sin trí chóras an tsaolré ar a dtugtar an V-timthriall. Gabhann dhá thimthriall déag leis an V-timthriall: Coincheap, ii) Sainmhíniú Córais agus Coinníollacha a Fheidhmithe, iii) Anailís ar Rioscaí, iv) Riachtanais Sábháilteachta, v) Cionroinnt Riachtanais an Chórais, vi) Dearadh agus Cur i nGníomh, vii) Déantúsaíocht, viii) Suiteáil, ix) Bailíochtú an Chórais, x) Glacadh leis an gCóras, xi) Oibriú agus Cothabháil agus xii) Dí-choimisiúnú. Deartar treoir RSC-G-009 agus RSC-G-032 de chuid CRI timpeall an V-timthrialla agus gabhann sé Chéim leo. Is iad seo a leanas iad:

Céim 1

Coincheap (V-timthriall i);

Céim 2

Dearadh Tosaigh (V- timthriall ii agus iii);

Céim 3

Dearadh Mionsonraithe (V- timthriall iv, v, vi agus vii);

Céim 4

Tástáil (V- timthriall viii agus ix);

Céim 5

Oibriú Eatramhach (V- timthriall x, xi agus xii)*;

Céim 6

Oibriú Seirbhíse (V- timthriall x, xi agus xii).

*Céim is ea Céim Oibriú Eatramhach a 5 nuair a bhíonn sábháilteacht córais cruthaithe chun oibriú ach nach bhfuil an fhianaise ar fad maidir leis na ceanglais shainráite agus an páipéarachas riaracháin gaolmhar ar fáil.

APIS – Bonneagar

Clár DART+

Cuimsíonn Clár DART+ sraith tionscadal a chruthóidh líonra comhtháite do Bhaile Átha Cliath, ag leathnú an líonra comaitéara leictirthe iarnróid throm ón c.50km atá ann faoi láthair go c.150km, agus é mar chuspóir acmhainn líonra DART a mhéadú.

Clúdaíonn DART+ Thiar an líne go Maigh Nuad agus feabhsuithe lár na cathrach. Tar éis iarratas a fháil ó IÉ-IM eisíodh litir ghlactha choincheapa – Céim 1 i mí Lúnasa. Is é DART+ Thiar Theas an líne ó Heuston go Collchoill. Eisíodh litir ghlactha choincheapa – Céim 1 chuig IÉ-IM i mí Mheán Fómhair tar éis a n-iarratas.

LUAS Traschathrach (LCC)

D'fheidhmigh an LCC le linn 2021 faoi litir eatramhach oibríochta glacthachta.

Tá coinníoll amháin gan réiteach ar litir glacthachta chéim 5 a bhaineann le ballaí coinneála Iarnróid Lár na Tíre agus an Iarthair Mhór ag Baile Phib a leanann i bhfeidhm. I rith 2021, rinne Bonneagar Iompair Éireann dul chun cinn ar dhréachtú lámhleabhair oibríochtaí lena n-áirítear prótacal freagartha aláraim chun cian-mhonatóireacht ar na ballaí coinneála a chumasú. Ina theannta sin, rinneadh anailís gheoiteicniúil chun tuiscint a fháil ar an réimeas screamhuisce agus ithreach as a dtáinig dearadh straitéise gobán. Táthar ag súil go mbeidh an córas seo i bhfeidhm faoin dara ráithe de 2022.

Droichid/ardáin/stáisiúin

Sa bhliain 2021 d'eisigh CRI cúig litir ghlacthachta déag chuig IÉ-IM i ndáil le tionscadail nua droichead, ardán agus stáisiún tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar a n-iarratas.

Seo a leanas na tionscadail sin:

Litreacha glacthachta do chéim 3 – Dearadh Mionsonraithe mar seo a leanas:

- Tardhroichead nua do choisithe ag Stáisiún Dheilginise
- Tardhroichead nua do choisithe ag Stáisiún Bhaile Mhic Gormáin
- Stáisiún agus ardáin nua mar chuid d'Fhorbairt Chéanna Thuaidh Phort Láirge
- Dhá thardhroichead bóthair agus dhá thardhroichead do choisithe mar chuid den bhonneagar rochtana d'Fhorbairt Chéanna Thuaidh Phort Láirge.

Litreacha glacthachta do chéim 5 – Oibriú Eatramhach mar seo a leanas:

- Tardhroichead nua do choisithe ag Stáisiún na hInse
- Tardhroichead nua do choisithe ag Stáisiún Cheatharlach
- Tardhroichead nua (le húsáid mar bhealach tarlaithe) ag 149 míle 115 slat ar an líne Baile Átha Luain go Cathair na Mart mar chuid den scéim bóithre Cathair na Mart go Both Chomhla
- Tardhroichead nua (le húsáid mar bhealach tarlaithe) ag 152 míle 1100 slat ar an líne Baile Átha Luain go Cathair na Mart mar chuid den scéim bóithre Cathair na Mart go Both Chomhla
- Stáisiún nua le tardhroichead do choisithe ag Baile Pheiléil ar an líne Baile Átha Cliath go Maigh Nuad
- Tardhroichead nua (le húsáid mar bhealach tarlaithe) ag 168 míle 689 slat ar an líne ó Chorcaigh go Mainistir na Corann
- Tardhroichead nua do choisithe ag Stáisiún Mheathas Troim.

Litir glacthachta do chéim 6 – Oibriú Seirbhíse mar seo a leanas:

- Tardhroichead nua thar Bóthar Alexandra ag Calafort Bhaile Átha Cliath do Chomhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath.

Córas Tacaíochta maidir le Cinntí ag Crosairí Comhréidhe a Oibríonn Úsáideoirí

Tá an Córas Tacaíochta maidir le Cinntí ag Crosairí Comhréidhe a Oibríonn Úsáideoirí comhdhéanta de shraith soilse táscaire a nasctar le brathadóirí traenach a chuirtear ar an raon chun traein, atá ag teannadh leis an gcrosaire comhréidh, a bhrath. Tugtar rabhadh don úsáideoir trí chóras solais. In 2021, eisíodh litir ghhlactha le haghaidh Céim 6 – Oibríocht Seirbhíse do Chéim 1 a chuimsigh ocht bhfearas a suiteáladh agus a coimisiúnaíodh le linn 2020. Mar chuid de Chéim 2 den tionscadal seo, eisíodh litreacha Céim 6 – Oibríocht Seirbhíse d'ocht suiteáil eile.

APIS – Comharthaíocht agus teileachumarsáid

Córas Uilíoch don Chumarsáid So-Ghluaiste – Iarnród (GSM-R) céimeanna 2 & 3

I mí Eanáir 2021, d'eisigh CRI litir ghhlactha le haghaidh Céim 3 – Dearaidh Mhionsonraithe chuig IÉ-IM don chuid suiteálacha seasta de raidió GSM-R do Chéimeanna 2 agus 3. Rinneadh an t-iarratas in 2020. I mí Iúil rinneadh iarratas do chéim chomhcheangailte 4/5 – Tástáil/Oibríocht Eatramhach chuig CRI. Tar éis plé leis an iarratasóir i rith Lúnasa/Deireadh Fómhair chuir an t-iarratasóir in iúl go raibh siad ag laghdú a n-aighneacht go dtí iarratas ar Chéim 4 – Tástáil. Rinne IÉ-IM an aighneacht ar Chéim 4 – Tástáil i mí na Nollag tar éis déileáil go sásúil le saincheisteanna CRI.

Córas Cosanta Traenach Iarnród Éireann (TPS) – ETCS Leibhéal 1 (Rang A)

I rith an 2ú agus an 3ú ráithe de 2021, rinne IÉ athmheasúnú domhain ar an bhfeidhmíocht theicniúil a rabhtas ag súil leis, an t-am go dtí ullmhacht oibriúcháin agus costas an tionscadail TPS (a bhí bunaithe ar Chóras Cosanta Traenach Éireannach saindeartha le forbairt go stádas oibriúcháin). Bunaithe ar an meastóireacht sin, tháinig IÉ-IM ar an tuairim sa 4ú Ráithe de 2021, gurbh é suiteáil chóras cineálach Eorpach ETCS Leibhéal 1 (Aicme A) an réiteach ab fhearr in ionad an TPS.

Áireofar sa tionscadal ar dtús an chéad chuid den bhonneagar a fheistiú leis an trealamh cois rian a bhaineann leis. Céim níos déanaí a bheidh sa rolladh amach thar an líonra iomlán agus é ar intinn deireadh a chur leis an gcóras comharthaíochta atá á oibriú faoi láthair (Aicme B).

In ainneoin riachtanais chineálacha Eorpacha ETCS Leibhéal 1 maidir le dearadh córais a bheith ann, ceadaíonn córas den sórt sin líon suntasach paraiméadair a roghnú le linn a chur chun feidhme. Chun a áirithiú gur féidir le haon trealamh córais ETCS ó aon soláthraí a shuiteálfar in Éirinn, isteach i bhfeithicil nó ar thaobh an bhóthair, comhoibriú le fírinne gan iarfheistiú costasach agus am-íditheach, tá sé rithábhachtach go ndéanfaí na paraiméadair sin a réamhshainiú i bhformáid atá comhleánúnach agus in oiriúint don todhcháí. Sa chomhthéacs seo tá painéal saineolaithe ó IÉ-IM agus CRI ag dréachtú sraith de Chaighdeáin Iarnróid na hÉireann chun paraiméadair a shocrú le haghaidh aon chur i bhfeidhm córas comharthaíochta ETCS sa Stát. Nuair a bheidh na caighdeáin seo críochnaithe, beidh siad ina mbonn le trealamh ETCS a chur i bhfeidhm go héifeachtach in Éirinn.

Ag an am céanna rinne IÉ-IM iarratas chuig CRI ar údarú coincheapa – céim 1 chun trealamh cois rian a shuiteáil sa chuid ó Dhroichead Átha go dtí na Clocha Liatha agus Binn Éadair. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh, eisíodh litir ghhlactha choincheapa – céim 1.

APIS – Rothstoc

Iarnród Éireann – 22000 Aonaid bhreise Iolracha Díosail Idirchathrach d’aicme 22000 (ICDMU)

Chuaigh flít an ICDMU i mbun seirbhíse idir 2007 agus 2012. Tógadh na gluaisteáin seo de réir Cóid UIC, caighdeáin ghrúpa iarnróid agus caighdeáin Eorpacha agus mar sin níl siad comhlíontach leis an TSI. In 2019, rinne IÉ-RU comhaontú le Hyundai-Rotem chun 41 feithicil bhreise ar a dtugtar na gluaisteáin B2 a sholáthar le foráil chun an méadú seo a mhéadú go dtí 101 feithicil faoi 2026, chun cumas iompair flít ICDMU a mhéadú.

Beidh carranna B2 bunaithe ar dhearadh charr B1 atá ann cheana agus déanfar iad a oiriúnú go náireofar athruithe innealtóireachta riachtanacha a tháinig de bharr oibleagáidí dlíthiúla a bhaineann le hastaíochtaí sceite agus roghanna malartacha oiriúnacha a sholáthar maidir le trealamh agus ábhar seanchaite nó trealamh agus ábhar nach bhfuil ar fáil. Déanfar modhnuithe inmheánacha chun an acmhainn iompair a mhéadú.

I rith 2021, rinne IÉ-RU a n-aighneacht chuig CRI maidir le neamhfheidhmiú TSIanna ar na gluaisteáin B2 nua a chur chun cinn faoi Airteagal 7 de Threoir (AE) 2016/797 agus faoi Rialachán 7 IR 477 de 2020. Chun an neamhfheidhm sin a chosaint, chuir IÉ-RU fírinne isteach chuig CRI maidir le gach paraiméadar TSI ábhartha lena mínítear conas a chomhlíonann na forálacha malartacha atá molta acu ceanglais fhíor-riachtanacha Threoir (AE) 2016/797, lena n-áirítear sábháilteacht, a mhéid a cheanglaítear leis na TSIanna. Rinne CRI athbhreithniú ar na fírinne seo.

Ós rud é gur faoin gCoimisiún Eorpach atá an cinneadh deiridh maidir le neamhiarratas a dheonú, cuirfidh CRI an aighneacht ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach i mí Feabhra 2022 i ndiaidh a mheasúnaithe.

Carráistí nua DART

Tá creat-chomhaontú déanta ag IÉ-RU agus Alstom lena gceadaítear suas le 750 carráiste nua DART a ordú thar thréimhse deich mbliana. Cuireadh ordú tosaigh le haghaidh 95 carráiste comhdhéanta de shé shraith de thraenacha leictreacha traidisiúnta ar chúig charráiste agus trí shraith déag de thraenacha ceallraí-leictreacha ar chúig carráiste.

Soláthróidh na traenacha oibriú gan sreang trí ionchorprú a dhéanamh ar theicneolaíocht cheallraí-leictreacha, trína mbeifear in ann seirbhísí nua agus toilleadh nua a sholáthar i mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

I gcomhréir leis an 4ú pacáiste iarnróid féadfaidh an t-iarratasóir a iarraidh gurb é an Gníomhaireacht Eorpach Iarnróid an t-eintiteas údaráithe. Sa chás sin, beidh CRI, mar údarás náisiúnta sábháilteachta, freagrach as measúnú a dhéanamh ar na carráistí i ndáil lena limistéar úsáide.

Iarnróid oidhreacht

Iarnród an Chabháin agus Liatroma

Eisíodh litir ghlactha do Chéim 6 – Oibríocht Seirbhíse chuig Iarnród an Chabháin agus Liatroma dá n-innill díosail Ruston (LM114) tar éis dóibh iarratas a chur isteach in 2020.

VeloRail

Is gníomhaíocht fóillíochta allamuigh agus caitheamh aimsire turasóireachta fóillíochta é VeloRail (nó Rothaíocht Iarnróid). Is éard atá ann cairteacha paisinéirí faoi thiomáint troitheán (rothair iarnróid) a thaistealaíonn feadh líne iarnróid dúnta. Tá forbairt á dhéanamh ar chóras velorail i gcóngarachacht Choillte Mach, Co. Mhaigh Eo. Toisc go n-oibreoidh na rothair iarnróid seo trasna bóithre poiblí ag crosairí comhréidhe tá feidhm ag an Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus ceanglaítear ar CRI dá bhrí sin a n-oibriú a cheadú. Beidh measúnú ar an mbonneagar de réir threoirlíne CRR-G-34 i gceist leis an bpróiseas formheasa, measúnú ar na rothair iarnróid de réir threoirlíne CRR-G-055 agus measúnú ar an gcóras bainistithe sábháilteachta d'oibríocht Velorail de réir threoirlíne CRR-G-022.

Cuireadh tús le caidreamh idir CRI agus na hoibreoírí VeloRail IRD Kiltimagh CLG, eagraíocht phobalbhunaithe atá lonnaithe i gCoillte Mach, sa dara leath de 2021. Táthar ag súil go mbeidh an córas i bhfeidhm in 2022 nuair a bheidh an próiseas ceadaithe curtha i gcrích.

Le haghaidh liosta iomlán na litreacha glactha a eisíodh in 2021, féach Aguisín 1.

Caighdeán Iarnróid na hÉireann (IRSanna)

Tá dea-chleachtas tionscail agus/nó Rialacha Náisiúnta (NRanna) i gCaighdeán Iarnróid na hÉireann (IRSanna) maidir le teicneolaíocht a bhaineann go sonrach le córas iarnróid na hÉireann, rud nach bhfuil i gcaighdeán nó i reachtaíocht náisiúnta nó idirnáisiúnta eile. Féadfar IRSanna a úsáid laistigh dá raon feidhme mar mheán náisiúnta inghlactha maidir le rialacháin srl. a chomhlíonadh. Forbraítear agus déantar IRSanna a chothabháil le rannphairtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha ar fad. Foilsíonn CRI IRSanna ar a shuíomh gréasáin thar ceann thionscal iarnróid na hÉireann (<https://www.crr.ie/publications/irish-railway-standards/>).

I gcás ina sainithnítear NR laistigh de IRS, sula bhfoilsítear é, cuirtear an IRS sin ina bhfuil NRanna faoi bhráid Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh lena scrúdú agus tar éis comhaontú an NR (na NRanna) foilsítear é (iad) ar an mBunachar Sonraí Doiciméad Tagartha (RDD) (<https://rdd.era.europa.eu/rdd/>) agus/nó Bunachar Sonraí na Rialacha Aonair (SRD) má éilíonn an TSI oibríochtaí, TSI-OPE 2019/773 é.

I rith 2021, rinneadh dul chun cinn ar an obair ar dhréachtú Ceanglais IRS-204-A do Raidió Cabanna Talamh-Traein analógach do líonra IE (Poblacht na hÉireann). Tá an caighdeán le foilsiú i mí Eanáir 2022.

Treoirlínte

Treoirlínte nuashonraithe

Foilsíodh CRR-G-009-G, an tIarratas ar Údarú agus Iarratas ar Ghlacadh le haghaidh Suiteálacha agus Feithiclí Seasta Iarnróid Trom i mí Feabhra. Tugann sé seo treoir agus míniú ar na ceanglais dhlíthiúla Eorpacha agus Éireannacha maidir le húdarú suiteálacha seasta agus feithiclí.

CRR-G-024-E agus a iarscríbhinn lena soláthraítear liosta de na paraiméadair agus lena shainaithnítear ceanglais atá ábhartha maidir leis na paraiméadair sin chun cabhrú leis an bpróiseas chun ceanglais a ghabháil le haghaidh thionscadail INF APIS. Sainaithníodh ceanglais maidir leis na paraiméadair seo ó TSIanna, IRSanna, caighdeáin Eorpacha agus Idirnáisiúnta agus reachtaíocht ábhartha iarnróid agus neamh-iarnróid.

Comhlíonann CRR-G-026-C agus a iarscríbhinn mar an gcéanna le CRR-G-024-E ach amháin i gcás tionscadail APIS ENE.

CRR-G-030-B, a thugann treoir maidir le hiarratas a dhéanamh ar dheimhniú sábháilteachta aonair, ar údarú sábháilteachta nó ar dheimhniú bainistíochta sábháilteachta.

CRR-G-031-C, maidir le Caighdeáin Iarnróid na hÉireann agus Rialacha Náisiúnta na hÉireann a Dhréachtú, a Athbhreithniú, a Fhoilsiú agus a Nuashonrú.

CRR-P-010, maidir leis an Nós Imeachta um Ionadaíocht agus Achomharc.

Treoirlínte nua

CRR-G-055-A, maidir le Measúnú Sábháilteachta ar Stoic Rothlaigh Velorail.

CRR-G-054-A, d'Iarratasóirí ar Údarú ar Shuiteálacha Cábla-bhealaigh Nua agus Athraithe agus Iarnróid Cháblacha.

CRR-G-053-A, le haghaidh Aitheantas CRI do Chomhlachtaí Ainmnithe.

Comhlachtaí ainmnithe a ainmniú

I gcomhréir le S.I. 477 de 2020 Rialachán 16(3) ainmníonn CRI na comhlachtaí atá freagrach as an nós imeachta fóraithe a chur i gcrích i leith rialacha náisiúnta, tugtar Comhlachtaí Ainmnithe ar na comhlachtaí sin. Agus comhlachtaí den sórt sin á n-ainmniú, úsáideann CRI an próiseas aitheantais dá bhforáiltear ina threoirlíne CRR-G-053-A. Den chéad uair faoin ionstraim reachtúil seo chuir CRI tús le measúnú ar dhá iarratas sa dara leath de 2021.

Aonán i gCeannas ar Chothabháil (ECM)

Sainordaítear ceanglais maidir le haonán i gceannas ar chothabháil leis an Treoir Sábháilteachta Iarnróid. Caithfidh aonán i gceannas ar chothabháil a bheith sannta do gach feithicil, sula gcuirtear i mbun seirbhíse nó sula n-úsáidtear ar an líonra í, agus i gcás vaigíní lastais, caithfear an t-aonán sin a dheimhniú. Caithfidh ECM deimhnithe cothabháil a dhéanamh ar vaigíní lastais a oibrítear san Eoraip i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh 445/2011 ón gCoimisiún. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh CRI deimhniú agus faireachán bliantúil a chur ar fáil.

Níor ceanglaíodh ar CRI tabhairt faoi aon ghníomhaíocht ECM i rith 2021.

Cábala-bhealaí

Is é CRI an tÚdarás Inniúil le haghaidh cábla-bhealaigh agus tá sé freagrach as tógáil agus cur i seirbhís suiteálacha cábla-bhealaigh nua a údarú nó i gcás ina ndéantar modhnú suntasach ar na bealaí cábla-bhealaigh atá ann cheana.

Ní raibh gá le haon údaruithe den sórt sin in 2021.

Measúnacht comhfhoirmeachta ar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta

Cuirtear Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht of Córas Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) i gcrích i gcomhréir leis an Treoir um Shábháilteacht Iarnróid (AE) 2016/798 agus leis an Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 arna leasú. Sonraítear critéir shonracha chun comhréireacht a mheasúnú i Rialachán (AE) 2018/762.

In Sa dara leath de 2021 chuir Iarnród Éireann – Bainisteoir Bonneagair tús lena réamh-rannpháirtíocht le CRI chun údarú a gcóras bainistíochta sábháilteachta a athnuachan. Téann a n-údarú reatha in éag i mí an Mhárta 2022. Faoi dheireadh 2021 bhí thart ar dhá thrian den iarratas athnuaithe déanta chuig CRI agus measúnaithe.

I mí an Mhárta fuair Iarnród Phort Láirge agus Ghleann na Siúire athnuachan ar a dTeastas Bainistíochta Sábháilteachta tar éis measúnú a dhéanamh ar a n-iarratas.

Rialacha náisiúnta maidir le hoibríochtaí TSI

Rialacha náisiúnta reatha

Leanann CRI leis an gceanglas maidir leis na rialacha náisiúnta atá ann faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta mar a tuairiscíodh roimhe seo do 2020. Tá CRI ag fanacht faoi láthair ar dheimhniú ón ERA maidir le toradh athbhreithniú an ERA ar na rialacha náisiúnta a cuireadh faoina bráid go dtí seo.

Rialacha náisiúnta nua

I gcomhréir leis an Treoir um Shábháilteacht Iarnróid (RSD) 2018/798 Airteagal 8, leCRI de bheith ag plé le heagraíochtaí iarnróid in 2021 chun dréacht-NRanna a thógáil i gcomhréir leis an bpróiseas mar atá leagtha amach i dtreoirilínte CRI. Mar sin féin, fanfaidh CRI le freagra ón ERA maidir leis na rialacha náisiúnta atá ann faoi láthair a cuireadh isteach cheana, sula ndéanfar tuilleadh dul chun cinn ar na dréachtrialacha náisiúnta nua a cheadaítear in TSI-OPE (AE) 2019/773 Aguisín I.

Tiománaithe traenach a cheadúnú

Is é CRI an t-údarás inniúil chun críocha I.R. 399 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tiománaithe Traenach a Dheimhniú) 2010. Ceanglaítear ar gach tiománaí traenach faoi reachtaíocht an AE ceadúnas bailí a bheith acu chun traenach a oibriú ar an líonra. Eisítear ceadúnais faoi réir na tiománaithe a bheith ag comhlíonadh ceanglas a leagtar síos i reachtaíocht Eorpach, mar atá: aois íosta, oideachas bunúsach, scrúdú leighis, folláine ghairmshíceolaíoch, agus inniúlacht ghairmiúil ghinearálta.

Bunaithe ar ár n-athbhreithniú agus measúnacht ar na hiarratais a fuarthas ó IÉ-RU, d'eisigh CRI 35 ceadúnas tiomána traenach in in 2021.

Baineann tréimhse bhailíochta 10 mbliana le ceadúnais tiománaithe traenach, ach cuireann an Gnóthas Iarnróid tiománaithe faoi réir scrúduithe leighis leanúnacha agus measúnú inniúlachta.

Comhlacht forirdaithe

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2001 – 2020 is comhlacht forordaithe é CRI a bhféadfadh tionchar a bheith ag forbairt ar iarnród d'iarnród trom. Áirítear leis sin crosairí comhréidhe iarnróid, fodhroichid agus tardhroichid, forbairt cóngarach don iarnród nó an poitéinseal atá ann tionchar a bheith aige ar a shláine struchtúrach nó oibriú sábháilte an iarnróid a chur i mbaol nó cur isteach air. Baineann sé seo le linn agus tar éis na tógála. In 2020, thug CRI tuairimí ar 34 de na hiarratais phleanála a fuair sé mar chomhlacht forordaithe.

Nótáil CRI in 2021 nár chomhlacht forordaithe é sa chás ina bhféadfadh tionchar a bheith ag forbairt ar líonra iarnróid éadroim. Chuaigh CRI i dteagmháil leis an Roinn Iompair chun leasú a lorg ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt chun é a áireamh mar chomhlacht forordaithe le haghaidh forbairtí dá leithéid.

TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE MAOIRSEACHT AR CHOMH- LÍONADH AGUS FORFHEIDHMIÚ



Cuireadh isteach ar ghníomhaíocht mhaoirseachta arís in 2021 mar gheall ar phaindéim leanúnach COVID-19 agus srianta ar chruinnithe le pearsanra na heagraíochta iarnróid aghaidh le haghaidh. Mar sin féin, leanamar ar aghaidh ag baint leasa as an teicneolaíocht chun an tairbhe is fearr a bhaint as agus cé nár críochnaíodh ach dhá iniúchadh den chuid is mó in 2021, cuireadh líon suntasach cigireachtaí i gcrích.

Maoirseacht agus forfheidhmiú

Príomhfheidhm de chuid CRI is ea maoirseacht a dhéanamh ar eagraíochtaí iarnróid. Ní mór Córas Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) deimhnithe a bheith ag Eagraíocht Iarnróid a dhoiciméadaíonn conas a bhainistíonn siad na rioscaí don tsábháilteacht a bhaineann lena gníomhaíochtaí. Is é ról CRI maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus éifeachtacht leanúnach na SMSanna seo. Déanann CRI é seo trí idirghníomhú go minic leis na heagraíochtaí iarnróid, i gcomhréir lena nochtadh do riosca. Déanann cigirí CRI iniúchadh orthu i gcoinne roinnt ceanglas Eorpach agus náisiúnta, ag seiceáil go bhfuil a gcuid caighdeáin, próisis agus nósanna imeachta féin á gcur i bhfeidhm acu agus a n-éifeachtacht. Déanaimid iniúchtaí samplacha freisin ar phríomhshócmhainní agus buailimid le feidhmeannaigh na gcuideachtaí chun a bhfeidhmíocht sábháilteachta a athbhreithniú.

Ag baint úsáide as ár dtorthaí maoirseachta roimhe seo, mar aon le hathbhreithniú; cineál agus líon na n-eachtraí (timpistí, eachtraí, agus teagmhais chontúirteacha) atá inchurtha ina leith, a réimis inmheánacha iniúchta agus faireacháin agus na torthaí uathu sin, faigheann CRI pictiúr d'fheidhmíocht sábháilteachta na n-eagraíochtaí iarnróid. Leis an bhfaisnéis seo, mar aon le breithiúnas gairmiúil, forbraítear plean maoirseachta bliantúil, ceann do gach eagraíocht iarnróid ar leith, don bhliain atá ag teacht.

Bainimid úsáid as prionsabail ERA maidir le maoirseacht, lena n-áirítear comhréireacht, comhsheasmhacht, agus trédhearcacht mar aon lenár n-eolas agus ár dtuiscint bhailithe féin ar gach eagraíocht iarnróid chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh orthu siúd a rialaímid.

Tugann an méid seo a leanas forbhreathnú ar ghníomhaíocht mhaoirseachta CRI don bhliain 2021.

Iniúcháireacht ar chomhlíonadh (maoirseacht réamhghníomhach)

I rith 2021, chuir CRI tús leis na hiniúcháireachtaí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Tábla 1
Iniúcháireachtaí a rinne CRI in 2021

Eagraíocht iarnróid	Teideal na hiniúcháireachta	Déanta
IÉ-RU	Iniúcháireacht SMS Iarnród Éireann-RU – Oilíúint agus inniúlacht Tiománaithe Traenach	Meitheamh 2021
IÉ-IM	Iniúcháireacht SMS ar Iarnród Éireann-IM – Bainistíocht ar struchtúir Innealtóireachta Sibhialta agus inniúlacht na foirne	Lúnasa 2021

Níor tugadh ceachtar den dá iniúchadh a tionscnaíodh in 2021 chun críche, ach bhí an dá cheann imithe chun cinn go maith ag deireadh na bliana. Tá torthaí curtha ar fáil ag gach ceann de na hiniúchtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí a tháinig chun cinn. Chuir cigirí CRI tús le teagmháil leis na heagraíochtaí iarnróid ábhartha chun iad seo a chur chun cinn.

Déanann cigirí CRI na torthaí seo a chatagóiriú ag brath ar an riosca a bhaineann leo, agus comhaontaítear iad seo leis na heagraíochtaí iarnróid agus rianaítear a gcur chun.

Úsáideann cigirí CRI an córas rangaithe seo a leanas do na torthaí seo.

Neamh-chomhlíonadh – Cás Tromchúiseach (MaNC): réimse nár comhlíonadh caighdeán inmheánach de chuid IÉ, caighdeán seachtrach infheidhmithe, nó reachtaíocht, ina leith agus atá ina fhianaise gur cliseadh ar an gcóras.

Neamh-chomhlíonadh – Cás Mionchúiseach (miNC): réimse nár comhlíonadh caighdeán inmheánach de chuid IÉ, caighdeán seachtrach infheidhmithe, nó reachtaíocht, ina leith agus atá ina fhianaise go ndeachaigh an próiseas le córas a chur i ngníomh i léig anois is arís nó gur chlaon an próiseas ó chóras.

Gníomh Riachtanach (AR): réimse mar a bhféadfadh sé tarlú nach gcomhlíonfaí caighdeán srl. ina leith ach amháin sa chás go ndéanfar gníomh leasúcháin nó feabhsú, earáid aonraithe ar éigean a cheartú, nó saincheist eile mar, dar leis an iniúchóir, a bhfuil gníomh riachtanach ina leith.

Scóip le haghaidh feabhsaithe (SFI): réimse a cuireadh chun solais mar, dar leis an Iniúchóir, gur féidir leis an gcuideachta feabhsú ar an gcóras nó ó thaobh gnó a bhaint amach. Moladh a bhíonn i gceist leis seo de ghnáth, ar chóir don eagraíocht iniúchta cinneadh a dhéanamh i leith fhiúntas an mholta agus an bealach lena chur i ngníomh.

Dea-Chleachtas (GP): réimse a chuirtear chun solais i gcás, dar leis an Iniúchóir, atá ina dhea-chleachtas laistigh den tionscal.

Conair Iniúcháireachta (AT): réimse ar chóir tuilleadh aire a thabhairt air, dar leis an iniúchóir, trína chur isteach sa chlár le haghaidh iniúcháireachtaí amach anseo (ach ní gá gur mír d'iniúcháireacht seachtrach a bheadh ann) nó trí mhodh éigin eile.

Sa bhliain 2021, sainaithníodh mór-neamhchomhlíonadh amháin. Bhain sé seo le hoiriúnacht Tiománaithe Traenach don dualgas a sheiceáil ag tús a gcuid sealanna. Chuir IÉ-RU Plean Feabhsúcháin isteach ag cur in iúl don CRR roinnt gníomhartha a bhí déanta/beartaithe chun aghaidh a thabhairt air seo agus ghlac an Cigire CRR leis seo.

Cigireachtaí

Le linn tréimhsí srianta níos déine, d'athdhírigh cigirí CRI am cigireachta agus iad ag déanamh iniúchtaí ar shócmhainní a d'fhéadfaí a dhéanamh ag cloí le srianta COVID-19, i.e., achar sóisialta agus oibriú amuigh faoin aer. Mar sin féin, chuir CRI tús le 109 Cigireacht san iomlán a bhí níos mó ná mar a bhí beartaithe don bhliain ach a rinne fritháireamh ar an líon laghdaithe iniúchtaí a rinneadh. Ina measc seo bhí féachaint ar:

- Sócmhainní iarnróid lena n-áirítear rothra, stáisiúin, crosairí comhréidhe agus struchtúir eile, e.g. droichid agus struchtúir créfoirt
- Paisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe acu a bhainistiú
- Cothabháil ar Innill Ar Raonta
- Eolas ar bhealaí an tiománaí traenach agus inniúlacht an mheaisín
- Iniúchtaí Iostaí Iarnróid
- Bainistiú ar fhásra cois líne.

D'aithin na cigireachtaí seo líon beag neamhchomhlíonta reachtaíochta agus/nó SMS ceadaithe. I gcásanna den sórt sin bhreithnigh an príomhchigire an raibh baol ann do shábháilteacht daoine. I dtrí chás ba é tuairim an chigire go raibh a leithéid de riosca ann agus go raibh gá, dá bhrí sin, Plean Feabhsúcháin a iarraidh, de réir alt 76 d'Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005.

Bhain siad seo le córais shábháilte oibre agus ráillí á meilt, bearnaí i dtaifid chothabhála feithiclí agus laigí maidir le hinniúlacht oibríthe atá rithábhachtach ó thaobh sábháilteachta a léiriú.

I ngach cás cuireadh pleananna feabhsúcháin, de réir mar ba ghá, faoi bhráid CRI ag cur síos ar na céimeanna a ghlacfaí chun aghaidh a thabhairt ar na neamhchomhlíonta a aithníodh agus ghlac an cigire athbhreithnithe leo go léir.

I bhformhór na gcásanna, tá na bearta ceartaitheacha agus coisctheacha a comhaontaíodh ó na cigireachtaí sin curtha chun feidhme cheana féin nó á gcur chun feidhme cheana féin ag na heagraíochtaí iarnróid lena mbaineann.

In 2021, chuir cigirí CRI 119 gCigireacht i gcrích ar fud na n-eagraíochtaí iarnróid a rialaíonn sé. Cuireadh tús le 28 díobh seo in 2020 ach tugadh chun críche iad in 2021.

Bhí torthaí orthu seo a léirítear sa tábla thíos bunaithe ar eagrú iarnróid agus catagóir toraidh.

Tábla 2
Cigireachtaí a cuireadh i gcrích agus torthaí 2021

Eagraíocht iarnróid	Líon na gcigireachtaí	Líon na gcigireachtaí le torthaí	MaNC	miNC	AR	SFI	GP	AT
IÉ-IM	63	12	0	0	11	5	1	6
IÉ-RU	23	12	1	7	28	11	3	6
RSIE	4	3	0	4	9	5	0	1
RPSI	4	2	0	0	2	6	0	1
NIR	1	1	0	0	1	0	0	0
TDLR	17	6	0	5	8	1	1	5
BNM	1	1	0	0	6	2	1	0
Oidhreacht	6	1	0	0	0	3	1	0
Iomlán	119	38	1	16	65	33	7	19

Gníomhaíocht iar-eachtra **(maoirseacht fhrithghníomhach ar thionóiscí nó eachtraí)**

Sa bhliain 2021, fuair CRI 43 fógra foirmiúil a bhain le tionóiscí, eachtraí nó teagmhais chontúirteacha agus cuireadh chuig roinnt díobh sin láithreach nó sna laethanta tar éis dóibh an láithreán/an rothstoc a iniúchadh. Bhain 25 san iomlán le líonra IÉ, tharla 16 ar líonra LUAS, bhain 1 le fadhbanna rothra de chuid Rhomberg Sersa agus bhain 1 le hoibríochtaí Bhord na Móna.

Go tragóideach, in 2021 bhí sé chás marfach ar na hiarnróid náisiúnta agus tharla gach ceann díobh ar líonra Iarnród Éireann. Léiríonn imthosca ceithre cinn de na básanna seo féin dochar féideartha. I gcás an dá bhás eile, tharla ceann amháin mar gheall ar fhoghail/mhí-eachtraí agus níor cuireadh an bás deiridh i leith aon ghluaiseacht iarnróid ach fuarthas an taismeach in aice leis an líne iarnróid.

Rinneadh iarracht ar fhéinghortú freisin ar LUAS Bhaile Átha Cliath ach le buíochas níor tharla ach mionghortú don duine.

Bhí ábhar inmí ann roinnt uaireanta, a bhain le fostaithe agus conraitheoirí Iarnród Éireann, a d'fhéadfadh bás a bheith mar thoradh faoi choinníollacha beagán difriúla freisin, lena n-áirítear:

- Thit conraitheoir a bhí ag obair faoi stiúir Mhaoirseora Iarnród Éireann as Buicéad Feithicle Bóthair Iarnróid, 19 Bealtaine 2021
- Is ar éigean a sheachain ball d'fhoireann Innealtóireachta Rian Iarnród Éireann a bheith buailte ag traein a bhí ag gluaiseacht agus iad ag taifeadadh teochta iarnróid, 21 Iúil 2021
- Chuaigh traein in imbhuaidh le trealamh cothabhála ráillí agus is ar éigean a sheachain sí roinnt ball foirne innealtóireachta a bhualadh, 27 Lúnasa 2021
- Feithicil Bóthair Iarnróid a aisiompú, 28 Samhain 2021.

Tharla roinnt de na teagmhais thuas toisc nár chloígh an fhoireann leis na rialacha sábháilteachta agus ar an gcúis sin amháin. Is cúis inmí ar leith é seo agus tá cigirí CRI ag obair go gníomhach le hIarnród Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha atá á nglacadh acu chun atarlú a chosc.

Ar LUAS Bhaile Átha Cliath bhí teagmhas contúirteach freisin nuair a chuaigh foireann cothabhála bonneagair isteach i ngan fhios i rannóg fhuinnithe den chóras teagmhála lastuas (OCS) á gcur i mbaol ard agus bhí sé seo ina ábhar iniúchta ag CRI.

Rinneadh tuilleadh imscrúduithe ar theagmhais a cuireadh in iúl do CRI, seachas na teagmhais sin ar léir gur gníomhartha féindochar iad. Is é cuspóir imscrúduithe CRI a sheiceáil gur chomhlíon an eagraíocht iarnróid a córas bainistíochta sábháilteachta. Is é an tAonad RAIU ar comhlacht neamhspleách ar leith é cúis na timpiste/eachtra a aithint. In aon chás inar measadh sábháilteacht a bheith i mbaol, lorg CRI na dearbhuithe riachtanacha go raibh bearta maolaithe curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht ábhartha.

In 2021, chuir cigirí CRI 43 Gníomhaíocht Iar-Eachtra (POA) i gcrích ar fud na n-eagraíochtaí iarnróid a rialaíonn sé. Cuireadh tús le 16 díobh seo in 2020 ach tugadh chun críche iad in 2021.

Bhí torthaí orthu seo a léirítear sa tábla thíos bunaithe ar eagrú iarnróid agus catagóir toraidh.

Tábla 3
Gníomhaíocht Iar-Eachtra

Eagraíocht iarnróid	Líon na POAnna	Líon na dtorthaí	MaNC	miNC	AR	SFI	GP	AT
IÉ-IM	13	7	0	0	12	4	0	4
IÉ-RU	12	3	0	2	3	1	0	2
TDLR	16	8	0	4	10	4	0	4
RSIE	1	0	0	0	0	0	0	0
BNM	1	0	0	0	0	0	0	0
Iomlán	43	18	0	6	25	9	0	10

Ina theannta sin, thugamar faoi athbhreithniú ar an leibhéal gníomhaíochta tar éis tarlú (POA) a dhéanann CRI agus measúnú ar thorthaí na ngníomhaíochtaí sin. Bhí an gníomh seo nasctha le monatóireacht ERA NSA ar CRI a rinneadh in 2020. Dá bhrí sin, tá nósanna imeachta a bhaineann le POA nuashonraithe ionas go ndéantar athbhreithniú ar gach POA anois chun an méid gníomhaíochta breise a theastaíonn ó CRI a mheas.

Forfheidhmiú

Tugann Alt 7 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 cumhachtaí forfheidhmiúcháin do CRI. Tá cumhacht le Plean Feabhsúcháin a iarraidh ina gcuid de na cumhachtaí sin, le haghaidh sárúithe níos mionchúisí de ghnáth, chomh maith le cumhacht le Fógra Feabhsúcháin nó Fógra Toirmisc a sheirbheáil le haghaidh cásanna sárúithe níos tromchúisí. Tá an chumhacht ag CRI Údarú Sábháilteachta nó Deimhniú Sábháilteachta a chúlghairm freisin i gcásanna fíor-thromchúiseacha nó iarratas a dhéanamh chun na hard-chúirte le hordú a lorg chun oibriúcháin a shrianadh nó a thoirmeasc.

Tá sé mar aidhm ag cigirí CRI oibriú le heagraíochtaí iarnróid agus comhlíonadh deonach a lorg seachas gníomh forfheidhmithe a thionscnamh láithreach. Déanaimid ár ndícheall a bheith comhréireach inár bhfreagra ar thorthaí agus ar theipeanna atá ag teacht le cleachtas Eorpach. Ach, uaireanta má bhíonn riosca i láthair a chuireann sábháilteacht daoine i mbaol, is gnách do chigirí CRI Plean Feabhsúcháin a iarraidh de réir alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005. In 2021, d'iarr cigirí CRI de 8 bPlean Feabhsúcháin ó eagraíochtaí earnála. Cuirtear achoimre orthu seo i láthair anois.

Pleananna Feabhsúcháin a iarradh de réir Alt 76 den RSA 2005

- Iarradh 1 Phlean Feabhsúcháin ó Translink (NIR) tar éis teagmhais infhógartha:
 - Fabht ar an doras ar sheirbhís do phaisinéirí ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste
- Iarradh 1 Phlean Feabhsúcháin ó IÉ-IM tar éis teagmhais infhógartha:
 - Ball foirne – titim ó bhuicéad RRV agus é ar idirthuras
- Iarradh 4 Phlean Feabhsúcháin ó Transdev tar éis iniúchtaí CRI:
 - Fadhbanna le greanáil tram
 - Rian-siúlóid – Heuston go dtí An Iosta
 - Sárú ar thram i seilbh/leithlisiú
 - Iniúchadh Iosta Áth an Ghainimh
- Iarradh 1 Phlean Feabhsúcháin ó Transdev tar éis teagmhais infhógartha:
 - Chuaigh an fhoireann chothabhála isteach sa rannóg fhuinnithe den OCS
- Iarradh 1 Phlean Feabhsúcháin ó Rhombert Sersa tar éis cigireacht CRI:
 - Scrúduithe ar dhoiciméadú an rothstoic.

Fógraí Feabhsúcháin a seirbheáladh de réir Alt 77 den RSA 2005

Níor seirbheáladh aon fhógraí nua in 2021, ach deonaíodh síneadh ama ar Fhógra Feabhsúcháin a bhí ann cheana a seirbheáladh ar IÉ-RU, maidir lena mbeartas Drugaí agus Alcóil. Tá beart éigin déanta ag IÉ-RU, ach is é an rud atá fós le déanamh ná athrú reachtaíochta atá faoin Roinn Iompair faoi láthair chun dul ar aghaidh.

Fógraí Toirmisc a seirbheáladh de réir Alt 78 den RSA 2005

Níor seirbheáladh aon fhógra toirmisc in 2021.

Torthaí iniúcháireachta, cigireachta agus cigireachta iar-eachtra a chur i ngníomh

Le linn ár ngníomhaíochtaí maoirseachta déanann cigirí CRI fíricí a fháil a eascraíonn as torthaí a bhféadfadh moltaí (torthaí) a bheith mar thoradh orthu. Nuair a shanntar iad, déanann CRI monatóireacht ar chur i bhfeidhm gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí seo. In 2021, d'eisigh cigirí 112 toradh inrianaithe san iomlán (Cigireachtaí & Gníomhaíocht Iar-Eachtra), áit a rianáíonn cigirí CRI a gcur chun feidhme. Astu seo measadh 22 a bheith ina mion-neamhchomhlíonta le ceanglais dhlíthiúla nó SMS agus d'ardaigh cigirí 90 nuair a mheas siad go raibh gá le gníomh coisctheach.

Tá miondealú ar thorthaí iniúchta, ar thorthaí cigireachta agus ar thorthaí Gníomhaíochta Iar-Tarlaithe do gach ceann de na príomheagraíochtaí iarnróid a rinneadh ó 2010 ar fáil in Aguisín 3.

Moltaí sábháilteachta RAIU

Tá feidhm ag an RAIU imscrúduithe a dhéanamh ar thimpistí agus ar eachtraí a tharlaíonn ar na hiarnróid throma agus éadrom in Éirinn. Is é cuspóir a imscrúduithe cúis a shuíomh seachas milleán a chionroinnt. Déanann a thuarascálacha moltaí sábháilteachta atá beartaithe lena chinntiú go seachnófar tionóiscí/teagmhais chosúla amach anseo.

Is gnách go ndírítear Moltaí Sábháilteachta a dhéanamh an RAIU ar an eagraíocht iarnróid nó ar thrú páirtí eile a bhféadfadh freagracht a bheith orthu faoin reachtaíocht. Dírítear a moltaí chuig CRI mar an t-údarás náisiúnta sábháilteachta atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Sonraítear in Aguisín 3 stádas na moltaí sábháilteachta reatha a d'eisigh an RAIU.

Sa bhliain 2021, d'eisigh an RAIU 7 dtuarascáil imscrúdaithe as ar tháinig 36 moladh sábháilteachta faoi bhráid CRI. Rinneadh iad sin a mheas go cuí agus dhírigh CRI iad seo chuig na heagraíochtaí nó na heintitis iarnróid ábhartha is fearr atá in ann freagairt don mholadh sábháilteachta.

Earraí contúirteacha a iompar ar iarnród

Is é CRI an t-údarás inniúil faoi Ionstraim Reachtuil (IR) 651 (arna leasú) clásal 4(1) de Rialacháin CE (Earraí Contúirteacha a Iompar ar Iarnród) 2010.

Comhlíonann sé an fheidhm seo maidir le hiompar d'iarnród do raon earraí contúirteacha, chomh maith lena fheidhmeanna a bhaineann le Comhlachtaí Cigireachta le haghaidh scrúduithe agus tástálacha (Rialachán 9), agus na ceanglais maidir le tógáil agus tástáil pacáistiú, bulc-choimeádán idirmheánach. (IBCanna), pacáistí móra, umair, agus bulc-choimeádáin de réir Chuid 6 den RID.

Faoi IR 651 clásal 9(4) ceanglaítear na cigireachtaí, na tástálacha agus na seiceálacha a dhéanamh nó a bheith fianaithe ag saineolaí arna fhormheas ag an údarás inniúil, nó ag comhlacht cigireachta a cheapfaidh an t-údarás inniúil chun na críche sin. Sa bhliain 2021, d'fhoilsigh CRI CRR-P-027 Níos Imeachta le haghaidh Ceapachán mar Chomhlacht Cigireachta Faofa faoi IR 651 Rialacháin CE (Earraí Contúirteacha a Iompar ar Iarnród) 2010, chun an ceadú sin a éascú.

Leanann CRI ag cinntiú go gcuirtear seirbhís scrúdaithe agus deimhniúcháin ar fáil do chomhairleoirí sábháilteachta earraí contúirteacha (DGSA). Tá an tseirbhís seo ar conradh leis an Institiúid Chairte Loighistice agus Iompair (CILT).

Eagraíochtaí iarnróid eile

Ina theannta sin, déanann CRI maoirseacht ar na heagraíochtaí iarnróid seo a leanas.

Rhomberg Sersa Ireland (RSI)

Chríochnaigh Romberg Sersa Ireland an dara bliain iomlán oibríochta acu in 2021, tar éis dóibh an conradh cothabhála agus oibríochta flít Ar an Rian (OTM) a ghlacadh thar ceann IÉ-IM i mí Iúil 2019.

Ní raibh ach eachtra amháin intuairiscithe ag RSI in 2021. Tharla sé seo tar éis dó shorcóir breosla a bheith scoite amach ó OTM a bhí ag gluaiseacht. Níor tuairiscíodh aon ghortuithe, ní raibh aon imbhuailtí, ráilí nó SPADanna acu.

Chuir RSI in iúl do CRI gur tharla teagmhas contúirteach ina raibh 'neasteagmhais' aige le tréad eallaigh a bhí á tréadú trasna an iarnróid. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil luasanna srianta traenacha ag OTManna. Dá mbeadh traein phaisinéirí ag druidim ar a luas oibriúcháin ní bheadh sé in ann stopadh in am.

Thug CRI faoi 4 chigireacht ar RSI in 2021. Ba iad sin:

- Iniúchadh ar dhoiciméid chothabhála/scrúduithe an Stoc Rolla;
- Iniúchadh ar iosta Iarnróid Chill Dara;
- Iniúchadh ar cheadúnú tiománaithe traenach; agus
- Iniúchadh ar eolas ar bhealaí tiománaithe traenach agus ar inniúlacht an mheaisín.

Bhí roinnt torthaí orthu seo agus siad go léir á rianú ag cigirí CRI.

Bord na Móna

Is le Bord na Móna (BNM) iarnród tionsclaíoch a úsáidtear chun móin a iompar agus is iad a oibríonn é. Déanann CRI maoirsiú ar BNM áit a bhfuil a mbonneagar iarnróid i gcomhéadan le bóithre poiblí, i.e., ag crosairí comhréidhe agus droichid os cionn/faoin iarnród.

Mar a tuairiscíodh roimhe seo tá oibríochtaí móna meilte BNM ag dul i léig agus dá bhrí sin tá a leibhéal oibríochta ag laghdú. Mar sin féin, bhí feidhmíocht sábháilteachta BNM faoi réir athbhreithniú ag CRI.

Cuireadh CRI ar an eolas faoi eachtra amháin a bhain leis an ngréasán BNM. Tharla sé seo nuair a bhail feithicil bóthair Tríú Páirtí in imbhuiladh le geataí crosaire comhréidh (Nogghas Buí – Draighneach, Uimh. 15-21, ar an mbóthar ón gClochán go dtí an Buoraí/An Ball Gorm) i gceo dlúth.

Rinne CRI cigireacht amháin ar oibríocht Bhord na Móna in 2021. Ba iniúchadh mion é seo go bunúsach ar bhainistíocht BNM ar chrosairí comhréidhe agus íosbhealaí. Ba é an toradh a bhí air seo ná 6 thoradh agus tá siad go léir á rianú ag cigire sannta.

Iarnróid oidhreachta

Déanann CRI monatóireacht ar oibríochtaí líon beag iarnróid oidhreachta féin chuimsitheacha agus in 2021 bhí na hiarnróid oidhreachta seo a leanas faoi réir maoirseachta.

- Iarnród Oidhreachta Loch Dhuibhlinne, Oakfield, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall
- Iarnród Bhaile na Finne & na nGleannta, Co. Dhún na nGall
- Traein Aonráille Lartigue Lios Tuathail, Co. Chiarraí
- Iarnród Ghleann Phort Láirge agus na Siúire (W&SVR).

Mar gheall ar shrianta leanúnacha COVID-19 a bhí i bhfeidhm chuir an chuid is mó d'oibreoírí iarnróid oidhreachta in iúl do CRI nach raibh siad ag feidhmiú in 2021. Rinneadh iniúchtaí suímh, áfach, ar Iarnród Phort Láirge & Ghleann na Siúire, Iarnród Loch Dhuibhlinne agus Iarnród Bhaile na Finne & na nGleannta le linn samhradh 2021. Tugadh faoi deara go raibh gach ceann acu ag cloí leis na treoirlínte riachtanacha maidir le COVID-19 agus níor gineadh ach líon beag gníomhartha.

Rinneadh teagmháil le roinnt iarnród oidhreachta eile, agus rinneadh caidreamh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar aon phointí oscailte a aithníodh roimhe seo le linn iniúchtaí.

Railway Preservation Society of Ireland

Is é Railway Preservation Society of Ireland (RPSI) an t-aon iarnród oidhreachta a fheidhmíonn ar líonra IÉ-IM. Bhí tionchar arís ag COVID-19 ar oibríocht RPSI in 2021 agus cuireadh in iúl do CRI nár cuireadh aon seirbhísí poiblí ar fáil.

Foláirimh ón tionscal

Faigheann CRI foláirimh sábháilteachta don earnáil iarnróid ó ERA agus ó RAIU. In 2021, fuarthas trí foláireamh sábháilteachta ó ERA.

Bhain an chéad cheann díobh seo le vaigíní lasta agus go sonrach vaigíní póca agus a dtrealamh srianta coimeádán. Roinneadh an fhaisnéis seo le IÉ-RU agus Northern Ireland Rail (NIR) (Translink) a chuir in iúl do CRI nach raibh aon chuid den chineál seo de vaigíní lasta acu.

Bhain an dara ceann le próisis tuairiscithe nuashonraithe ar rothaí briste ag gnóthais iarnróid. Roinneadh an fhaisnéis seo le IÉ-RU agus NIR (Translink).

Bhain an tríú foláireamh sábháilteachta le rothaí damáistithe mar gheall ar iarratais coscáin neamhbheartaithe. Arís, roinneadh é seo le IÉ-RU a thug le fios go gcuirfí ar an eolas é do bhainisteoirí cabhlaigh agus go ndéanfaí é a phlé ag cruinnithe athbhreithnithe ar an gclár riosca.

I mí an Mhárta 2021 fuarthas Fógra Práinne um Chomhairle Sábháilteachta (USAN) ó RAIU. Bhain sé seo le cumarsáid ríthábhachtach ó thaobh sábháilteachta de ar Chóras Iarnród Éadrom Bhaile Átha Cliath. Chuaigh CRI i dteagmháil le Transdev, an t-oibreoír LUAS, agus cuireadh fianaise ar fáil dóibh a léirigh go raibh bearta déanta chun dul i ngleic le réimsí sainaitheanta ar ghá iad a fheabhsú.

Uiríll


In 2021, fuair CRI 47 uiríoll a bhain le raon de bhonneagar iarnróid throm agus éadrom agus cúrsaí oibriúcháin. Ba mhéadú beag é seo ar an líon a fuarthas in 2020 (40).

As na 47 n-uiríoll a fuarthas in 2021, ba iarrataí ar fhaisnéis ó chomhlachtaí/gníomhaireachtaí rialála eile a bhformhór, 31, seachas gearáin faoi sheirbhísí nó imní sábháilteachta. As na 16 eile, bhain 7 gcinn le sábháilteacht an bhonneagair agus bhain 9 le sábháilteacht oibríochtaí traenacha rothra.

I measc na n-iarratas ar fhaisnéis ó chomhlachtaí rialála eile bhí iarratais a bhain le 'Ceadúnú agus Oiliúint Tiománaithe Traenach' agus 'úsáid drón in aice le hiarnróid'.

Tugann CRI aird ard ar aon uiríoll a dhéanann foireann iarnróid, paisinéirí iarnróid, daoine den phobal nó daoine eile maidir le sábháilteacht iarnróid. In 2021, ní raibh impleachtaí sábháilteachta féideartha ach ag líon teoranta, agus freastalaíodh orthu go pras.

Fíor 1
Uiríll a fuair CRI



Feidhmíocht sábháilteachta

Bíonn CRI i dteagmháil go díreach le bainistíocht shinsearach na n-eagraíochtaí iarnróid chun maoirseacht a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht sábháilteachta. Baintear é seo amach go príomha trí chruinnithe rialta le feidhmeannaigh cuideachta chun athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar iliomad táscairí feidhmíochta sábháilteachta. In 2021, tionóladh 4 chruinniú athbhreithnithe feidhmíochta sábháilteachta le IÉ-IM, IÉ-RU, agus Transdev. Reáchtáladh trí chruinniú le RSI, oibreoir On-Track-Machine, dhá chruinniú le NIR (Translink) agus ceann le Bord na Móna. Bhuail cigirí CRI le Bonneagar Iompair Éireann (TII) freisin chun feidhmíocht sábháilteachta LUAS, imní faoi shábháilteacht bonneagair agus tionscnaimh sábháilteachta atá á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm a phlé.

Ag na cruinnithe seo, tá na heagraíochtaí iarnróid faoi réir athbhreithniú ag CRI agus ceanglaítear orthu a léiriú conas atá siad ag bainistiú sábháilteachta agus riosca a bhaineann lena bhfeidhmíocht go héifeachtach. Ina theannta sin, ní mór do na heagraíochtaí iarnróid mionsonraí a n-íniúchtaí inmheánacha féin agus a himscrúduithe tar éis tionóiscí agus teagmhais a sholáthar mar aon le pleananna agus gníomhaíochtaí a glacadh chun atarlú a chosc/feabhsuithe próisis a thabhairt chun críche.

I bhfianaise chúlra leanúnach na paindéime COVID-19, ar an iomlán, bhí feidhmíocht sábháilteachta earnáil iarnróid throm na hÉireann dearfach den chuid is mó in 2021, i gcomparáid le staitisticí na mblianta roimhe sin agus le staidreamh Eorpach araon, i bhfianaise an laghdaithe ar líon na bpaisinéirí.

I gcomhthéacs oibríochta bhí laghdú leanúnach ar líon na dtarluithe SPAD, ach bhí méadú ar líon na ráillí traenach (cé go raibh siad ar fad ar thaobhlaigh Iarnród Éireann). Bhí méadú freisin ar líon na dteagmhas inar imbhuail traenacha le hainmhithe móra, le breis agus 90% le fianna.

Cé go raibh líon na dtionóiscí agus na dtionóiscí tromchúiseacha íseal in 2021, bhí roinnt teagmhas contúirteach an-tromchúiseach ann ina bhféadfadh sé tarlú go raibh iliomad teagmhais bhásanna mar thoradh ar shárúithe ar rialacha ag foireann iarnróid. In 2022, beidh CRI ag tabhairt aird ar leith ar an gcaoi a bhfreagraíonn feidhmeannaigh agus bainisteoirí cuideachtaí do na teagmhais seo.

I gcomhthéacs Eorpach, tá feidhmíocht sábháilteachta na hÉireann go maith. Ní mór dúinn a bheith eolach, áfach, go gciallaíonn méid beag líonra IÉ-IM nach mór a bheith cúramach leis an staitistic seo mar go mbeadh tionchar suntasach ag líon beag timpistí ar an seasamh seo fiú.

Mar sin féin, tá Éire go seasta i measc na mBallstát a bhfuil na rátaí báis is ísle acu. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach raibh aon bhás paisinéirí in Éirinn le linn na tréimhse seo agus gur de bharr foghail/teagmhais daoine iad na básanna a tuairiscíodh.

Ar leithligh, foilsíonn CRI a tuarascáil staitistiúil bhliantúil ina dtugtar anailís mhionsonraithe ar fheidhmíocht sábháilteachta iarnróid in Éirinn. Foilseofar an tuarascáil seo do 2021, mar a rinneadh i dtuarascálacha roimhe seo, níos déanaí sa bhliain chun go mbeidh sé in ann sonraí iomlána bailíochtaithe bliana a fháil ó gach eagraíocht iarnróid. Tiomsaíodh Tuarascáil Feidhmíochta Sábháilteachta 2020 in 2021 agus tá sí ar fáil ar shuíomh gréasáin CRI.

Tá cuid de na sonraí feidhmíochta sábháilteachta d'eagraíochtaí iarnróid a bhí ar fáil tráth foilsithe na tuarascála bliantúla seo curtha i láthair in Aguisín 4.

Measúnacht ar chultúr sábháilteachta

Sa bhliain 2021, rinne ERA suirbhé uile-Eorpach ar aeráid sábháilteachta d'fhonn tuairimí agus dearcadh sábháilteachta fhostaithe na n-eagraíochtaí iarnróid atá ag obair san Aontas Eorpach agus i stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) a lorg.

Ghlac CRI páirt sa suirbhé seo agus chuir sé rannpháirtíocht chun cinn sna heagraíochtaí iarnróid ar fad atá ag feidhmiú in Éirinn. Dheimhnigh an ERA go bhfuarthas breis agus 46,000 freagra ón earnáil agus go bhfuil aiseolas aonair curtha ar fáil do gach eagraíocht rannpháirteach.

Mar a dúradh thuas sa rannán ar Ghníomhaíochtaí Iar-Eachtra bhí roinnt tarluithe ann a bhféadfadh bás a bheith mar thoradh ar chúinsí beagán difriúla mar gheall ar shárú rialacha ag oibríthe iarnróid. Tugann sé sin le tuiscint go bhfuil gá le haird a thabhairt ar chultúr na sábháilteachta in eagraíochtaí áirithe agus tá CRI i dteagmháil go gníomhach leis na heagraíochtaí iarnróid seo lena chinntiú go bhfuil gach beart réasúnach á ghlacadh acu chun athchionta a chosc.

Monatóireacht NSA

Mar a tuairiscíodh roimhe seo, rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Iarnróid (ERA) iniúchadh ar CRI go déanach in 2020 mar chuid de thimthriall iniúchta trí bliana ar NSAanna uile na mBallstát. Rinne an t-iniúchadh seo measúnú ar an gcaoi a raibh an NSA ag comhlíonadh a fheidhmeanna maidir le creat reachtach maidir le sábháilteacht iarnróid agus idir-inoibritheacht agus tugadh chun críche é i lár 2021 nuair a foilsíodh torthaí ERA.

Ba é conclúid uileghabhálach ERA ón iniúchadh go bhfuil CRI bunaithe agus eagraithe ar bhealach a ligeann don údarás a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Mar sin féin, shainaithin an fhoireann iniúchta 3 easnamh (réimsí inar gá beart) agus 9 dtuairim (réimsí a d'fhéadfadh cosc a chur ar CRI feidhmiú ar an mbealach is éifeachtaí agus féadfar beart a dhéanamh de réir mar a mheastar a bheith riachtanach). Ba iad na heasnaimh a aithníodh ná:

1. Easpa acmhainní, go háirithe le haghaidh maoirseachta, rud a fhágann nach ndéantar roinnt gníomhaíochtaí
2. Níl an straitéis mhaoirseachta bunaithe ar riosca agus ní leagtar síos léi na tosaíochtaí ardleibhéil don mhaoirseacht agus níl socruithe foirmiúla comhair ann leis an gComhlacht Náisiúnta Imscrúdaithe (NIB)
3. Níl aon athbhreithniú struchtúrach foirmiúil ar an straitéis mhaoirseachta agus ar na huirlisí maoirseachta (treoirlíne, nós imeachta, teimpléid etc.).

Chuir CRI a 'Phlean Gníomhaíochta' faoi bhráid an LET inar sonraíodh na tascanna a ghlacfaid sé chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh. Rinne an ERA athbhreithniú ar an bplean seo agus ghlac sé leis agus tá CRI á chur i bhfeidhm anois. Ag am scríofa seo tá na nithe seo a leanas déanta.

- Maidir le 'Easnamh 1' tá acmhainní iomlána ag CRI anois agus earcaídh cúigear ball foirne breise, 2 i Samhain 2020, 2 i Lúnasa 2021 agus 1 i mí Feabhra 2022
- Maidir le 'Easnamh 2', tá obair ar siúl chun na tascanna go léir a comhaontaíodh a sheachadadh ar an spriocdháta comhaontaithe, an 30 Aibreán 2023 nó roimhe
- Maidir le 'Easnamh 3' leanann CRI ag forbairt a Chórais Bainistíochta Cáilíochta inmheánach féin. Mar chuid de seo tá ball foirne oilte anois mar iniúchóir ceannais ar chaighdeán ISO 9001 agus tá sé ainmnithe mar iniúchóir inmheánach CRI chun a sheiceáil go ndéantar athbhreithniú tréimhsiúil ar dhoiciméid treorach agus nósanna imeachta inmheánacha.

TUAIRISC AN CHEANNAIRE RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH



Rialachas corparáideach agus riaracháin

Comhlíonann CRI an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Airgeadas

Cuirtear maoiniú ar fáil do CRI i bpáirt trí Thobhach Sábháilteachta ar na heagraíochtaí éagsúla iarnróid agus i bpáirt trí Dheontas Státchiste.

Ina theannta sin, féadfaidh CRI táille a ghearradh as raon dá ghníomhaíochtaí, go sonrach:

Táillí a ghearrtar ar aitheantas Comhlachta Ainmnithe (DeBo) – I.R. Uimh. 176/2021 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Idir-inoibritheacht an Chórais Iarnróid) (Comhlachtaí Ainmnithe) (Táillí).

Táillí a ghearrtar ar Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid (ERA) mar an t-údarás náisiúnta sábháilteachta i gcás inarb é ERA an comhlacht measúnaithe le haghaidh deimhniú sábháilteachta aonair nó údarú feithicle – Rialachán AE 2018/764 arna leasú le Rialachán AE 2021/1903.

Táillí a ghearrtar ar shuiteáil agus ar chur i seirbhís suiteálacha cábla-bhealaigh a údarú nó chun iad a mhodhnú – IR 543 Rialacháin an AE (Suiteálacha Cábla-bhealaigh) 2020.

Táillí a ghearrtar as ceadúnais tiomána traenach a eisiúint nó a athnuachan – IR 399 Rialacháin an AE (Deimhniú Tiománaithe Traenach) 2010.

Féadfaidh CRI, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, rialacháin a dhéanamh lena bhforchuirtear tobhach ar eagraíochtaí iarnróid. Tá na Rialacháin do 2021 in Ionstraim Reachtuil Uimh. 246 de 2021. Léirítear thíos cur i bhfeidhm cistí ag CRI:

Tábla 4
Feidhmiú cistí ag CRI

	2020 (€ milliún)	2021 (€ milliún)
Buiséad	2.223	2.465
Deontas Státchiste	0.509	0.728
Ceanglas Tobhaigh	1.714	1.619
Costais oibriúcháin	2.378	*
Barrachas	*0.160	*

*Tá cuntais iomlána do 2021 faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Foilsítear cuntais iniúchta bliantúla CRI ar ár suíomh gréasáin ar leithligh ón tuarascáil seo.

Luach saothair iomlán fhoireann CRI

Miondealú ar thuarastail na foirne:

Tábla 5
Miondealú ar thuarastail na mball foirne

Raon scála pá tuarastail		Líon na bhfostaithe	
Ó	Go	2020	2021
€60,000	€69,999	3	6
€70,000	€79,999	5	4
€80,000	€89,999	0	0
€90,000	€99,999	0	0
€100,000	€109,999	3	2
€110,000	€119,999	1	1
€120,000	€129,999	-	-
€130,000	€139,999	-	-
€140,000	€149,000	1	-
€150,000	€159,000	-	1

Nochtar miondealú ar luach saothair iomlán na bhfostaithe os cionn €60,000, in incrimintí de €10,000, mar a cheanglaítear le himlitir 13/2014 ón DPER.

In 2021, b'ionann luach saothair an Coimisinéir agus €151,816.

Tiomantas don Ghaeilge

Tá CRI tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú 2021) a chur i bhfeidhm. Tá comharthaíocht agus stáiseanáireacht CRI i nGaeilge agus i mBéarla faoi láthair. Tá ár dTuarascáil Bhliantúil, ár Ráiteas Airgeadais agus ár Ráiteas Straitéise ar fáil i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin.

Saoráil Faisnéise (Fol)

Áirítear CRI i measc na n-eagraíochtaí a liostaítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus tá sé tiomanta do chomhlíonadh phrionsabail an Achta seo. In 2021, fuarthas dhá iarratas SF, agus deonaíodh an dá cheann i bpáirt. Is féidir sonraí na faisnéise a d'eisigh CRI roimhe seo faoi Shaoráil Faisnéise a fheiceáil ar an Loga Nochta SF ar ár suíomh gréasáin.

Cairt chustaiméirí

Tá an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí ar fáil ar shuíomh gréasáin CRI. Déanann an chairt seo cur síos ar an leibhéal seirbhíse ar féidir le custaiméir a bheith ag súil leis ó CRI.

Tuairisciú bliantúil um éifeachtúlacht fuinnimh

In 2021, thuairiscigh CRI feidhmíocht fuinnimh na heagraíochta in 2020 d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar a cheanglaítear faoi rialacháin an AE. In 2020, d'oibrigh CRI i dtreo éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí a fheabhsú agus léirigh siad coigilt fuinnimh 58.5% ón mbunlíne go dtí 2019. Leanfaidh CRI ar aghaidh ag tuairisciú a fheidhmíochta agus ag comhlíonadh a oibleagáid dhlíthiúil maidir le sonraí fuinnimh a thuairisciú.

Socruithe rialachais CRI leis an Roinn Iompair (DoT)

